

NÍ TÚ AG IARRAIDH GO dTÓGFAIDH DO LEANBH AN FLIÚ.

Is é an vacsaín an t-aon chosaint ina aghaidh.

www.immunisation.ie

FAIGH AN VACSAÍN LE BHEITH CINNTE AGUS SÁBHÁILTE

VACSAÍN FLIÚ 2011 -2012

EOLAS DO MHNÁ ATÁ AG IOMPAR CLAINNE

Cad is fliú shéasúrach (influenza) ann?

Is tinneas víreasach an-tógálach sa chonair riospráide é an Fliú Séasúrach a d'fhéadfadh beatha a chur i mbaol.

An féidir tinneas tromchúiseach a fháil de bharr an fliú?

Is tinneas tromchúiseach é an Fliú. Is daoine os cionn 65 bliain d'aois is mó a fhaigheann bás dá bharr. D'éascair ráig as víreas nua sa bhliain 2009. Bhuaill Fliú na Muc páistí óga, mná torracha agus daoine faoi 65 a raibh fadhbanna sláinte fadtéarmacha acu.

An slaghdán nó fliú é?

Tagann comharthaí an fhliú, fiabhras, pianta sna matáin, tinneas cinn agus tuirse chun cinn go tobann. Níl slaghdán ina thinneas chomh dian leis an bhfliú. Tosaíonn slaghdán de réir a chéile le scornach thinn, srón dúnta nó srón smaoiseach. Tá comharthaí an tslaghdáin i bhfad níos séimhe ná comharthaí an fhliú.

Cad is vacsaín an fhliú shéasúraigh (bhliantúil) ann?

Bíonn trí cineál influenza coitianta sa vacsaín don fhliú séasúrach (bliantúil) gach bliain. Tagann athrú ar an víreas gach bliain agus sin é an fáth go mbíonn vacsaín nua ag teastáil gach bliain. Tá Fliú na Muc san áireamh i vacsaín fhliú na bliana seo.

Cén fáth gur gá do mhná torracha an vacsaín don fhliú séasúrach a fháil?

Le linn na paidéime, bhí mná torracha i mbaol níos mó deacrachtaí de bharr Víreas Fhliú na Muc. Tá Víreas Fhliú na Muc fós ann agus ceaptar go mbeidh sé i measc na gcinn is coitianta an geimhreadh seo.

Ní mór mná torracha a chosaint. Tugann vacsaín an fhliú shéasúraigh cosaint in aghaidh Víris Fhliú na Muc.

Is féidir an vacsaín a thabhairt ag aon tráth i rith an toirchis.

An bhfuil sé sábháilte an vacsaín a thabhairt do mhná torracha?

Tá. Tá an vacsaín sábháilte do mhná torracha. Tá vacsaíní don fhliú shéasúrach in úsáid anois le breis is 60 bliain. Bíonn na frithghníomhuithe séimh go maith go h-iondúil agus is annamh a bhíonn seachthorthaí ann dá bharr. Tá vacsaín an fhliú shéasúraigh molta le roinnt blianta anuas do mhná torracha i SAM.

Conas a oibríonn vacsaín an fhliú shéasúraigh?

Cabhraíonn vacsaín an fhliú le córas imdhíonachta an duine frithbheathaigh a chothú in aghaidh an víreas. Nuair a thagann duine a bhfuil an vacsaín faighte aige/aici i dteagmháil leis an víreas, ionsaíonn na frithbheathaigh seo an víreas.

An mbeidh cosaint tugtha do mo leanbh má fhaighim an vacsaín?

D'fhéadfadh an vacsaíniú le linn toirchis an leanbh a chosaint. Tugann sé cosaint don mháthair in aghaidh an fhliú agus cabhraíonn sé chun an fliú a stopadh ag dul ar aghaidh go dtí an leanbh.

Cé NÁR chóir dóibh vacsaín an fhliú shéasúraigh a fháil?

Níor cheart an vacsaín a thabhairt;

- do dhaoine a raibh frithghníomh dona ailléirgeach (anaifíolacsas) acu in aghaidh vacsaín cheanna nó in aghaidh aon chomhábhair atá inti.

Cad faoi daoine a bhfuil ailléirge acu in aghaidh uibheacha?

Is féidir vacsaín an fhliú shéasúraigh a thabhairt do dhaoine a bhfuil ailléirge acu in aghaidh uibheacha. D'fhéadfadh do dhochtúir teaghlaigh é a thabhairt duit nó b'fhéidir gur gá duit speisialtóir ospidéal a fheiceáil.

Cathain ar chóir an vacsaíniú a chur ar athló?

Níl mórán cúiseanna ann chun an vacsaíniú a chur ar athló. Ba chóir an vacsaíniú a chur siar má tá tú an-tinn agus teocht os cionn 38°C ort.

An bhfuil thiomersal i vacsaín an fhliú shéasúraigh?

Níl. Níl aon thiomersal i vacsaín an fhliú shéasúraigh. Leasaitheach mhearcair-bhunaithe is ea Thiomersal a d'úsáidte i roinnt vacsaíní le haghaidh Fliú na Muc.

Bhí mé torrach ag deireadh feachtas 2010 – 2011 agus fuair mé vacsaín an fhliú shéasúraigh an uair sin. Níl mo leanbh saolaithe go fóill. Ar chóir dom vacsaín an fhliú shéasúraigh a fháil anois?

Ba chóir. Ba chóir duit dáileog eile den vacsaín i gcoinne fliú séasúrach a fháil anois. D'fhéadfadh cosaint na chéad dáileoige a bheith lagaithe anois agus is léir go bhfuil mná torracha i mbaol níos mó deacrachtaí mar thoradh ar an bhFliú.

An féidir liom an fliú a tholg ón vacsaín?

Ní féidir. Ní féidir le vacsaín an fhliú shéasúraigh an fliú a thabhairt duit mar nach bhfuil aon víris beo ann.

Cén fhad a thógann sé go dtosaíonn an vacsaín ag obair?

Tosaíonn an vacsaín ag obair laistigh de choicís.

Cad leis a mbeidh mé ag súil i ndiaidh an vacsaínithe?

D'fhéadfadh seachthorthaí séimhe a bheith ann ar nós pian, deargadh nó at san áit ar tugadh an t-instealladh. D'fhéadfadh fiabhras, pianta agus tuirse a bheith i gceist. Cuireann roinnt daoine allas agus bíonn crithfhuacht orthu de réir mar a ghéilleann a gcóras imdhíonachta don vacsaín, ach ní fliú é seo agus imeoidh sé tar éis lá nó dhó.

Céard a dhéanfaidh mé má mhothaím tinn tar éis an vacsaínithe?

Tóg paraicéiteamól má tá teocht ort i ndiaidh an vacsaín a fháil. Tá paraicéiteamól sábháilte do mhná atá ag iompar clainne agus tá sé tábhachtach duit féin agus dod' leanbh an fiabhras a sheachaint. Ná tóg iobúpróifein ná aspairín (mura bhfuil sé molta ag do Chnáimhseoir Comhairleach). Cuimhnigh, má tá tú tinn i ndiaidh an vacsaín a fháil go mb'fhéidir gur rud éigin eile is cúis leis - ná glac leis gurb é an vacsaín is cúis leis agus faigh comhairle dochtúra más gá.

Cathain is cóir dom vacsaín an fhliú a fháil?

Ba chóir duit an vacsaín i gcoinne an fhliú a fháil go luath sa dtoircheas. Bíonn séasúr an fhliú ann go h-iondúil idir Meán Fómhair agus Márta.

Conas a bhfaighidh mé an vacsaín?

Tá an vacsaíniú agus an comhairliú saor in aisce má tá 'Cárta Leighis' nó Cárta 'Dochtúra Amháin' agat.

Gearrfar táille chomhairliúcháin ort don vacsaín fliú shéasúraigh mura bhfuil 'Cárta Leighis' nó 'Cárta Dochtúra Amháin' agat.

Déan coinne anois le do thoil.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.immunisation.ie



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Foilsithe ag: Oifig Imdhíonta Náisiúnta FSS.

Dáta foilsithe: Meán Fómhair 2011.